

Pleananna Teagaisc & Foghlama

Seichimh & Sraitheanna Iolraíocha in Úsáid


Siollabas an Teastais Shóisearaigh
Siollabas na hArdteistiméireachta



Foireann Forbartha



Seo Struchtúr na bPleananna Teagaisc & Foghlama:



Aidhmeanna: Na nithe ba mhaith leat a bhaint amach sa cheacht nó sa tsraith ceachtanna.

An Réamheolas: Eolas ábhartha atá ag na daltaí cheana féin, agus eolas a theastaíonn don topaic nua seo.

Toradh na Foghlama: Nithe a bheidh na daltaí in ann a dhéanamh, eolas a bheidh acu agus nithe a thuigfidh siad nuair a bheidh an topaic déanta.

An Bhaint leis an Siollabas: Tagairt don mhír ábhartha i Siollabas an Teastais Shóisearaigh agus/ nó i Siollabas na hArdteistiméireachta

Acmhainní a theastaíonn: Liosta acmhainní a bheidh ag teastáil don teagasc agus don fhoghlaim i gcás topaic ar leith.

An Topaic a chur i láthair: (níl sé sna pleananna uile) Cur chuige agus topaic á tosú.

Idirghníomhú sa cheacht: Faoi cheithre fho-cheanteideal:

- i. **Tascanna Foghlama na nDaltaí:** Ionchur an Mhúinteora: Sonraí faoi chur chuige féideartha, agus faoi cheisteanna a chuirfeadh múinteoir chun an ceacht a bhogadh ar aghaidh.
- ii. **Gníomhú na nDaltaí – Freagraí agus/ nó Míthuiscintí:** An saghas freagra agus aiseolais a bhféadfaí a bheith ag súil leis ó na daltaí, mar aon le míthuiscintí coitianta.
- iii. **Tacaíocht agus Gníomhú an Mhúinteora:** Nithe a dhéanann an múinteoir chun cuidiú le foghlaim na ndaltaí. Dearadh an chuid seo mar struchtúr tacaíochta agus forbartha thart ar fhoghlaim na ndaltaí.
- iv. **An Foghlaim á Seiceáil:** Moltaí faoi cheisteanna a chuirfeadh múinteoir, féachaint an bhfuil spriocanna/ torthaí foghlama á mbaint amach. Beidh an measúnú sin úsáideach nuair atá gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama á bpleanáil don chéad rang eile/ do na ranganna ina dhiaidh sin.

Gníomhaíochtaí Daltaí: I ndeireadh gach plean tá gníomhaíochtaí daltaí a bhaineann leis an bplan.

Plean Teagaisc & Foghlama: Seichimh & Sraitheanna Iolraíocha in Úsáid

Aidhmeanna

- Teacht ar an bhfoirmle don Ús Iolraithe, agus a bheith in ann í a úsáid.
- Féachaint céard a tharlaíonn nuair a dhéantar athiolarú ar feadh tréimhsí difriúla
- Coincheap nua a chur i láthair: an iarmhéid laghdaitheach (comhardú laghdaitheach, *Foirmlí & Táblaí*, 30)

Réamheolas

Séana, ús simplí agus céatadán de P a ríomh, agus $P \times 1.05$ etc in úsáid, (féach an tAguisín, lch 19).

Toradh na Foghlama

Nuair a bheidh an Plean Teagaisc agus Foghlama seo déanta, ba cheart go mbeadh na daltaí in ann:

- An t-ús iolraithe a ríomh le haghaidh tréimhsí difriúla
- An fhoirmle don ús iolraithe a iniúchadh (*Foirmlí agus Táblaí*, lch 30)
- An t-áireamhán a úsáid don fhoirmle sin
- An fhoirmle don Ús Iolraithe a úsáid chun an luach atá ag athróa éagsúla a fháil
- Rátaí míosúla a thiontú ina rátaí bliantúla, agus a mhalairt
- Iarmhéid laghdaitheach (comhardú laghdaitheach) a mhíniú
- Mar a théann iarmhéid laghdaitheach i bhfeidhm ar an ús a bhíonn le haisíoc ar iasachtaí.

A Áit i Siollabas an Teastais Shóisearaigh		
An Topaic	Cur síos ar an topaic	Toradh na Foghlama
3.3 An Uimhríocht Fheidhmeach	<p>Fadhbanna a réiteach a bhaineann le taraifí fóin phóca, idirbheartaíochtaí airgeadra, siopadóireacht, CBL, agus méadair a léamh</p> <p>Áirimh luach ar airgid a dhéanamh agus an luach ar airgead a bhreithniú</p> <p>Cóimheasa agus an chomhréireacht a úsáid</p>	<p>– fadhbanna a réiteach a bhaineann le brabús agus le cailiteanas, an % brabúis nó an % cailiteanais (ar an gcostphraghas), lascaine, % lascaine, an praghas díola, ús iolraithe do thréimhsí nach faide ná 3 bliana, cáin ioncaim (an ráta caighdeánach amháin), glanphá (agus asbhaintí eile de mhéideanna sonraithe)</p> <p>– fadhbanna a réiteach ina bhfuil an costphraghas, an praghas díola, cailiteanas, lascaine, marcáil suas (an brabús ina % den chostphraghas), an corrlach (an brabús ina % den phraghas díola), ús iolraithe, cáin ioncaim agus glanphá (agus asbhaintí eile san áireamh)</p>

A Áit i Siollabas na hArdteistiméireachta			
Foghlaimíonn na daltaí faoi	Ba cheart go mbeadh daltaí BL in ann	Ba cheart, de bhreis air sin, go mbeadh daltaí GL in ann	Ba cheart, de bhreis air sin arís, go mbeadh daltaí AL in ann
3.3 Uimhríocht	<ul style="list-style-type: none"> – toradh a sheiceáil: a chinntiú an bhfuil sé ar an ord méide ceart, agus oibriú siar ón bhfreagra, an freagra a shlánú – meastacháin agus neasluachanna ar áirimh a dhéanamh agus a mhíniú, céatadán earráide agus lamháltas a ríomh – an meánráta athraithe (i leith ama) a ríomh – fadhbanna a réiteach ina bhfuil <ul style="list-style-type: none"> • an dímheas (luachlaghdú) le fáil (modh na hiarmhéide laghdaithe/ modh an chomhardaithe laghdaithe) • ábhair, saothar agus fuíoll a chostáil • an córas méadrach, ag tiontú ó aonaid, na gnáthaonaid impiriúla (na fachtóirí coinbhéartaithe tugtha i gcás aonaid impiriúla) – meastacháin a dhéanamh i gcomhthéacs saoil, an líon leabhar i leabharlann 	<ul style="list-style-type: none"> – earráid a chnádadh (leis an suimiú nó leis an dealú amháin) – fadhbanna a réiteach ina mbeidh siad seo a leanas le ríomh: an costphraghas, an praghas díola, cailiteanas, lascaine, marcáil suas (an brabús ina % chéatadán den chostphraghas), corrlach (an brabús ina % den phraghas díola), ús iolraithe, dímheas/ luachlaghdú (modh na hiarmhéide laghdaithe), cáin ioncaim agus glanphá (agus asbhaintí eile san áireamh) 	<ul style="list-style-type: none"> – an luach láithreach a úsáid nuair atá fadhbanna le réiteach a bhaineann le haisíocaíochtaí ar iasachtaí agus le hinfheistíochtaí




Na hAcmhainní a Theastaíonn

Áireamhán, cóip de *Foirmlí agus Táblaí*


An tIdirghníomhú sa Cheacht


Tascanna na nDaltaí: Ionchur an Mhúinteora	Gníomhú na nDaltaí: Freagraí féideartha	Tacaíocht & Gníomhú an Mhúinteora	An Fhoghlaim á Seiceáil
--	---	-----------------------------------	-------------------------

Roinn A: Gníomhaíocht Daltaí 1 An tÚs Iolraithe a Iniúchadh

<p>» Breathnaimis anois ar an rud a tharlaíonn má mhéadaítear méid ar leith nó cainníocht ar leith faoin gcéatadán céanna arís is arís eile.</p> <p>» Tarraing 20 bosca comhionanna ar pháipéar cearnógach nó ar chlár bán.</p> <p>» Samhlaigh go n-íoctar €100 sa lá leat, agus go bhfaigheann tú ardú pá 20%, agus ardú pá 20% eile ina dhiaidh sin.</p> <p>» Abair go seasann gach bosca ar leith do €10, agus scáthaigh €100.</p> <p>» Scáthaigh 20% le dath difriúil, agus scríobh síos an méid airgid ar fad a bheadh i gceist.</p> <p>» Leis an tríú dath anois, cuir 20% leis an gcuid a bhí scáthaithe cheana. Céard dó a sheasann an chuid scáthaithe anois?</p>	<ul style="list-style-type: none"> • $€100$  • $€120$  • $€144$  	<p>» Dáil Cuid A: Gníomhaíocht Daltaí 1.</p> <p>» Tarraing sampla de na boscaí ar an gclár bán.</p> <div data-bbox="1137 675 1491 762" style="border: 1px solid black; width: 158px; height: 55px; margin: 10px auto;"></div> <p>» Féach ar a bhfuil á scríobh ag na daltaí. Cuidigh leo más gá.</p>	
--	--	--	--

Tascanna na nDaltaí: Ionchur an Mhúinteora	Gníomhú na nDaltaí: Freagraí féideartha	Tacaíocht & Gníomhú an Mhúinteora	An Fhoghlaim á Seiceáil																																																																											
<p>» Cé mhéad is fiú an chéad 20%?</p> <p>» Cé mhéad is fiú an dara 20%?</p> <p>» Cén fáth arbh fhiú €20 an chéad 20%, agus gurbh fhiú €24 an dara 20%?</p> <p>» Líonaimis isteach an tábla anois, féachaint mar a mhéadaíonn an luach iomlán nuair a chuirtear 20% leis arís is arís eile</p>	<ul style="list-style-type: none"> • €20 • €24 • 20% de mhéid níos lú a bhí ann an chéad uair. Bhí sé níos mó nuair a bhí an dara 20% i gceist. • Mar bhí túsmeáid níos lú ann don chéad 20% ná don dara 20%. <p>» Na daltaí ag líonadh isteach an tábla.</p> <table border="1"> <thead> <tr> <th>An tAm ina laethanta</th> <th>An tSuim</th> <th>Méadú%</th> <th>An t-iomlán, scríofa le pointe deachúlach</th> <th>Patrún na suimeanna iomlána airgid ó lá go lá</th> </tr> </thead> <tbody> <tr> <td>0</td> <td>100</td> <td>0%</td> <td>1</td> <td>100</td> </tr> <tr> <td>1</td> <td>120</td> <td>20%</td> <td>1.2</td> <td>100 x 1.2</td> </tr> <tr> <td>2</td> <td>144</td> <td>20%</td> <td>1.44</td> <td>100 x 1.2 x 1.2</td> </tr> <tr> <td>3</td> <td>172.80</td> <td>20%</td> <td>1.728</td> <td>100 x 1.2 x 1.2 x 1.2</td> </tr> <tr> <td>4</td> <td>207.36</td> <td>20%</td> <td>2.0736</td> <td>100 x 1.2 x 1.2 x 1.2 x 1.2</td> </tr> <tr> <td>5</td> <td>248.832</td> <td>20%</td> <td>2.48832</td> <td>100 x 1.2 x 1.2 x 1.2 x 1.2 x 1.2</td> </tr> </tbody> </table>	An tAm ina laethanta	An tSuim	Méadú%	An t-iomlán, scríofa le pointe deachúlach	Patrún na suimeanna iomlána airgid ó lá go lá	0	100	0%	1	100	1	120	20%	1.2	100 x 1.2	2	144	20%	1.44	100 x 1.2 x 1.2	3	172.80	20%	1.728	100 x 1.2 x 1.2 x 1.2	4	207.36	20%	2.0736	100 x 1.2 x 1.2 x 1.2 x 1.2	5	248.832	20%	2.48832	100 x 1.2 x 1.2 x 1.2 x 1.2 x 1.2	<p>» Tabhair deis do na daltaí plé a dhéanamh faoin rud atá ag tarlú.</p> <p>» Iarr ar na daltaí teacht go dtí an clár agus an tábla thíos a líonadh isteach.</p> <table border="1"> <thead> <tr> <th>An tAm ina laethanta</th> <th>An tSuim</th> <th>Méadú%</th> <th>An t-iomlán, scríofa le pointe deachúlach</th> <th>Patrún na suimeanna iomlána airgid ó lá go lá</th> </tr> </thead> <tbody> <tr><td> </td><td> </td><td> </td><td> </td><td> </td></tr> <tr><td> </td><td> </td><td> </td><td> </td><td> </td></tr> <tr><td> </td><td> </td><td> </td><td> </td><td> </td></tr> <tr><td> </td><td> </td><td> </td><td> </td><td> </td></tr> <tr><td> </td><td> </td><td> </td><td> </td><td> </td></tr> <tr><td> </td><td> </td><td> </td><td> </td><td> </td></tr> <tr><td> </td><td> </td><td> </td><td> </td><td> </td></tr> </tbody> </table>	An tAm ina laethanta	An tSuim	Méadú%	An t-iomlán, scríofa le pointe deachúlach	Patrún na suimeanna iomlána airgid ó lá go lá																																				<p>» An dtuigeann na daltaí "túsmeáid difriúil"?</p>
An tAm ina laethanta	An tSuim	Méadú%	An t-iomlán, scríofa le pointe deachúlach	Patrún na suimeanna iomlána airgid ó lá go lá																																																																										
0	100	0%	1	100																																																																										
1	120	20%	1.2	100 x 1.2																																																																										
2	144	20%	1.44	100 x 1.2 x 1.2																																																																										
3	172.80	20%	1.728	100 x 1.2 x 1.2 x 1.2																																																																										
4	207.36	20%	2.0736	100 x 1.2 x 1.2 x 1.2 x 1.2																																																																										
5	248.832	20%	2.48832	100 x 1.2 x 1.2 x 1.2 x 1.2 x 1.2																																																																										
An tAm ina laethanta	An tSuim	Méadú%	An t-iomlán, scríofa le pointe deachúlach	Patrún na suimeanna iomlána airgid ó lá go lá																																																																										

Tascanna na nDaltaí: Ionchur an Mhúinteora	Gníomhú na nDaltaí: Freagraí féideartha	Tacaíocht & Gníomhú an Mhúinteora	An Fhoghlaim á Seiceáil
<p>» Dá ndéanfaimis graf de na sonraí sa tábla, cén chuma a bheadh air?</p> <p>» Déanaimis graf leis na sonraí go bhfeicimid an chuma a bheidh air.</p> <p>» Cén dá athróg a chuirfimid ar an ngraf?</p> <p>» Cé acu ais ar a gcuirfimid iad?</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Tá sé ag méadú ar an ráta céanna. • An graf líneach atá ann, mar sin? • Níl an méadú céanna ann i gcónaí. Dá réir sin ní graf líneach é. • An tAm agus an Méid airgid. • Ar an ais chothrománach a théann Am, mar beidh sé sin i gceist cinnte. • Athróg neamhspleách is ea Am. Mar sin, is ar an ais chothrománach a théann sé. 	<p>» Iarr ar dhuine de na daltaí teacht go dtí an clár agus an graf thíos a líonadh isteach.</p> 	<p>» An dtuigeann na daltaí a bhfuil i gceist le hathróg spleách, agus le hathróg neamhspleách?</p>

Tascanna na nDaltaí: Ionchur an Mhúinteora	Gníomhú na nDaltaí: Freagraí féideartha	Tacaíocht & Gníomhú an Mhúinteora	An Foghlaim á Seiceáil
<p>» An i gcoibhneas líneach atá an tAm agus an Méid Airgid?</p> <p>» An bhfuil aon rud eile le fáil amach ón bpatrún sa tábla seo?</p> <p>Nótáil: Níl na pointí ceangailte, mar gur i gcoibhneas scoite atá an tAm agus an Méid airgid.</p>	<p>» Na daltaí ag tarraingt an ghraif ar chlár bhána/ ina gcuid cóipleabhar/ Gníomhaíocht Daltaí 1.</p>  <p>• Ní líne dhíreach atá ann. Is é sin, ní i gcoibhneas líneach atá an tAm agus an Méid airgid.</p> <p>• An bhféadfaimis foirmle a chur le chéile a léiríonn an coibhneas idir an méid airgid agus an t-am?</p> <p>• D'fhéadfaimis riail a oibriú amach don Mhéid airgid, ba chuma cén fad Ama a bheadh i gceist.</p>	<p>» Siúil timpeall, agus súil agat ar obair na ndaltaí.</p> <p>» Cuir na daltaí ag plé na faidhbe.</p>	<p>» An aithníonn na daltaí an ceangal idir coibhneas líneach agus ráta athraithe tairiseach?</p>

Tascanna na nDaltaí: Ionchur an Mhúinteora	Gníomhú na nDaltaí: Freagraí féideartha	Tacaíocht & Gníomhú an Mhúinteora	An Fhoghlaim á Seiceáil																																			
<p>» Cuir síos ar a bhfuil ag tarlú don airgead le himeacht ama.</p> <p>» Chun an méid airgid a fháil amach a bheadh ann ag deireadh lá 10, an mbeadh orainn píosa a chur leis an tábla, nó leis an ngraf?</p> <p>» Scríobh na figiúirí don rud a bheadh i gceist.</p>	<ul style="list-style-type: none"> Tá an méid airgid ag méadú 20% in aghaidh an lae. Suimítear 20% leis an méid airgid gach lá. Tá an túsmeid ag dul i méid ó lá go lá, rud a fhágann go mbeidh an méadú ag dul i méid freisin. Chun an méid a bheidh ann i ndeireadh lae a fháil, iolraítear an túsmeid don lá sin faoi 1.2. D'oibreodh sé, ach thógfadh sé i bhfad. Breathnaigh an colún deiridh. Tá an chuma air go bhfuil an líon uaireanta a iolraíodh faoi 1.2 ag freagairt don líon laethanta atá imithe. Le haghaidh lá a deich, d'fhéadfaí 100 a iolrú faoi 1.2 deich n-uaire. <ul style="list-style-type: none"> 100×1.2^{10} $100 \times 1.2 \times 1.2 \times 1.2 \times 1.2 \times 1.2 \times 1.2 \times 1.2 \times 1.2 \times 1.2 \times 1.2$ $100 \times 1.2 \times 10$ 	<p>»</p> <table border="1" data-bbox="1025 368 1543 1058"> <thead> <tr> <th>An tAm ina laethanta</th> <th>An tSuim</th> <th>Méadú%</th> <th>An t-iomlán, scríofa le pointe deachúlach</th> <th>Patrún na suimeanna iomlána airgid ó lá go lá</th> </tr> </thead> <tbody> <tr> <td>0</td> <td>100</td> <td>0%</td> <td>1</td> <td>100</td> </tr> <tr> <td>1</td> <td>120</td> <td>20%</td> <td>1.2</td> <td>100×1.2</td> </tr> <tr> <td>2</td> <td>144</td> <td>20%</td> <td>1.44</td> <td>$100 \times 1.2 \times 1.2$</td> </tr> <tr> <td>3</td> <td>172.80</td> <td>20%</td> <td>1.728</td> <td>$100 \times 1.2 \times 1.2 \times 1.2$</td> </tr> <tr> <td>4</td> <td>207.36</td> <td>20%</td> <td>2.0736</td> <td>$100 \times 1.2 \times 1.2 \times 1.2 \times 1.2$</td> </tr> <tr> <td>5</td> <td>248.832</td> <td>20%</td> <td>2.48832</td> <td>$100 \times 1.2 \times 1.2 \times 1.2 \times 1.2 \times 1.2$</td> </tr> </tbody> </table> <p>» Tabhair deis do na daltaí é a phlé iad féin.</p> <p>» Scríobh 100×1.2^{10} ar an gclár. Iarr ar na daltaí é a chur i gcomparáid leis na luachanna ar an ngraf, agus sa tábla.</p> <p>Nótáil: Má scríobhann cuid de na daltaí $100 \times 1.2 \times 10$, beidh ort é sin a phlé, agus an mhíthuiscint a chur ina ceart.</p>	An tAm ina laethanta	An tSuim	Méadú%	An t-iomlán, scríofa le pointe deachúlach	Patrún na suimeanna iomlána airgid ó lá go lá	0	100	0%	1	100	1	120	20%	1.2	100×1.2	2	144	20%	1.44	$100 \times 1.2 \times 1.2$	3	172.80	20%	1.728	$100 \times 1.2 \times 1.2 \times 1.2$	4	207.36	20%	2.0736	$100 \times 1.2 \times 1.2 \times 1.2 \times 1.2$	5	248.832	20%	2.48832	$100 \times 1.2 \times 1.2 \times 1.2 \times 1.2 \times 1.2$	<p>» An dtuigeann na daltaí mar a oibríonn na séana?</p>
An tAm ina laethanta	An tSuim	Méadú%	An t-iomlán, scríofa le pointe deachúlach	Patrún na suimeanna iomlána airgid ó lá go lá																																		
0	100	0%	1	100																																		
1	120	20%	1.2	100×1.2																																		
2	144	20%	1.44	$100 \times 1.2 \times 1.2$																																		
3	172.80	20%	1.728	$100 \times 1.2 \times 1.2 \times 1.2$																																		
4	207.36	20%	2.0736	$100 \times 1.2 \times 1.2 \times 1.2 \times 1.2$																																		
5	248.832	20%	2.48832	$100 \times 1.2 \times 1.2 \times 1.2 \times 1.2 \times 1.2$																																		

Tascanna na nDaltaí: Ionchur an Mhúinteora	Gníomhú na nDaltaí: Freagraí féideartha	Tacaíocht & Gníomhú an Mhúinteora	An Foghlaim á Seiceáil																																				
Roinn B: Gníomhaíocht Daltaí 2 Ag teacht ar an bhfoirmle																																							
<p>» Táimid ag iarraidh riail ghinearálta a oibriú amach a fheileann sna cásanna uile atá cosúil leis an gceann i Roinn A.</p> <p>» Anois agus sibh ag obair in bhur mbeirteanna, ar mhiste libh ceist 1 a dhéanamh as Roinn B: Gníomhaíocht Daltaí 2.</p>	<p>»</p> <table border="1" style="margin-left: auto; margin-right: auto;"> <thead> <tr> <th colspan="4" style="text-align: center;">Tábla 1</th> </tr> <tr> <th colspan="2" style="text-align: center;">Modh 1</th> <th colspan="2" style="text-align: center;">Modh 2</th> </tr> </thead> <tbody> <tr> <td>An Phríomhshuim (P)</td> <td style="text-align: center;">5,000</td> <td>$i =$</td> <td style="text-align: center;">0.04</td> </tr> <tr> <td>An tÚs don 1ú bhliain (4% de 5,000)</td> <td style="text-align: center;">200</td> <td>$(1 + i) =$</td> <td style="text-align: center;">1.04</td> </tr> <tr> <td>An Luach Deiridh (deireadh bhliain 1)</td> <td style="text-align: center;">5,200</td> <td>Faigh luach (deireadh bhliain 1) $P \times (1 + i)$ An Freagra \rightarrow</td> <td style="text-align: center;">5,000 x 1.04 5,200</td> </tr> <tr> <td>An tÚs don 2ú bliain</td> <td style="text-align: center;">208</td> <td>$(1 + i) =$</td> <td style="text-align: center;">1.04</td> </tr> <tr> <td>An Luach Deiridh (deireadh bhliain 2)</td> <td style="text-align: center;">5,408</td> <td>Faigh luach (deireadh bhliain 2) $P \times (1 + i)$ An Freagra \rightarrow</td> <td style="text-align: center;">5,200 x 1.04 5,408</td> </tr> <tr> <td>An tÚs don 3ú bliain</td> <td style="text-align: center;">216.32</td> <td>$(1 + i) =$</td> <td style="text-align: center;">1.04</td> </tr> <tr> <td>An Luach Deiridh (deireadh bhliain 3)</td> <td style="text-align: center;">5,624.32</td> <td>Faigh luach (deireadh bhliain 3) $P \times (1 + i)$ An Freagra \rightarrow</td> <td style="text-align: center;">5,408 x 1.04 5,624.32</td> </tr> </tbody> </table>	Tábla 1				Modh 1		Modh 2		An Phríomhshuim (P)	5,000	$i =$	0.04	An tÚs don 1ú bhliain (4% de 5,000)	200	$(1 + i) =$	1.04	An Luach Deiridh (deireadh bhliain 1)	5,200	Faigh luach (deireadh bhliain 1) $P \times (1 + i)$ An Freagra \rightarrow	5,000 x 1.04 5,200	An tÚs don 2ú bliain	208	$(1 + i) =$	1.04	An Luach Deiridh (deireadh bhliain 2)	5,408	Faigh luach (deireadh bhliain 2) $P \times (1 + i)$ An Freagra \rightarrow	5,200 x 1.04 5,408	An tÚs don 3ú bliain	216.32	$(1 + i) =$	1.04	An Luach Deiridh (deireadh bhliain 3)	5,624.32	Faigh luach (deireadh bhliain 3) $P \times (1 + i)$ An Freagra \rightarrow	5,408 x 1.04 5,624.32	<p>» Dáil Roinn B: as Gníomhaíocht Daltaí 2.</p> <p>Nótáil: i a thugtar ar an ráta úis agus é scríofa mar dheachúil.</p> <p>» Siúil timpeall agus bí ag breathnú ar an dul chun cinn. Má tá deacrachtaí ag na daltaí, lig dóibh iad a phlé.</p> <p>» Iarr ar dhuine de na daltaí na freagraí a scríobh ar an gclár, fad atá na daltaí eile á nglaoch amach.</p> <p>» Tabhair deis do na daltaí a gcuid freagraí a phlé.</p>	<p>» An bhfuil na daltaí ag úsáid téarmaí ar nós an <i>phríomhshuim</i>, <i>ús</i> agus an <i>ráta</i> nuair a léann siad amach a gcuid freagraí?</p>
Tábla 1																																							
Modh 1		Modh 2																																					
An Phríomhshuim (P)	5,000	$i =$	0.04																																				
An tÚs don 1ú bhliain (4% de 5,000)	200	$(1 + i) =$	1.04																																				
An Luach Deiridh (deireadh bhliain 1)	5,200	Faigh luach (deireadh bhliain 1) $P \times (1 + i)$ An Freagra \rightarrow	5,000 x 1.04 5,200																																				
An tÚs don 2ú bliain	208	$(1 + i) =$	1.04																																				
An Luach Deiridh (deireadh bhliain 2)	5,408	Faigh luach (deireadh bhliain 2) $P \times (1 + i)$ An Freagra \rightarrow	5,200 x 1.04 5,408																																				
An tÚs don 3ú bliain	216.32	$(1 + i) =$	1.04																																				
An Luach Deiridh (deireadh bhliain 3)	5,624.32	Faigh luach (deireadh bhliain 3) $P \times (1 + i)$ An Freagra \rightarrow	5,408 x 1.04 5,624.32																																				

Tascanna na nDaltaí: Ionchur an Mhúinteora	Gníomhú na nDaltaí: Freagraí féideartha	Tacaíocht & Gníomhú an Mhúinteora	An Fhoghlaim á Seiceáil																																																		
<p>» Ag breathnú ar na táblaí seo, cé acu cur chuige is mó is cosúil leis an gcur chuige a bhí againn i Roinn A?</p> <p>» Agus sibh ag obair in bhur mbeirteanna, leis an smaoineamh a bhí in Roinn A, ar mhiste libh iarracht a dhéanamh an riaiil ghinearálta, an fhoirmle, a oibriú amach sa chás seo? Lánchead agaibh an tábla atá ar an gclár a úsáid.</p> <p>» Scríobh amach an tsuim iomlán, agus an freagra deiridh.</p> <p>» Anois, ar mhiste libh é a scríobh amach i bhfocail, agus gach téarma a mhíniú?</p> <p>» Tá gach míniú ceart. Ach b'fhearr dá mbeadh na téarmaí céanna agus na giorrúcháin chéanna againn uile. Breathnaimis lch 30 de <i>Foirmlí agus Táblaí</i></p>	<p>» Na daltaí ag comhlánú an tábla.</p> <p>• Modh 2</p> <table border="1" data-bbox="495 576 972 1121"> <thead> <tr> <th>An t-am ina bhlianta</th> <th>An tSuim</th> <th>Méadú %</th> <th>An tIomlán, scríofa le pointe deachúlach</th> <th>An patrún sna suimeanna iomlána airgid i ndeireadh gach bliana</th> </tr> </thead> <tbody> <tr> <td>0</td> <td>5,000</td> <td>4%</td> <td>1</td> <td>5,000</td> </tr> <tr> <td>1</td> <td>5,200</td> <td>4%</td> <td>1.04</td> <td>5,000 x 1.04</td> </tr> <tr> <td>2</td> <td>5,408</td> <td>4%</td> <td>1.0816</td> <td>5,000 x 1.04 x 1.04</td> </tr> <tr> <td>3</td> <td>5,624.32</td> <td>4%</td> <td>1.124864</td> <td>5,000 x 1.04 x 1.04 x 1.04</td> </tr> </tbody> </table> <p>• €5,000 x 1.04 x 1.04 x 1.04</p> <p>• €5,000 x (1.04)³</p> <p>• €5,000 x (1.04)³ = €5,624.32</p> <p>• Chun an freagra a fháil, iolraíonn tú an túsmeáid faoin ráta, i gcumhacht "líon na mblianta".</p>	An t-am ina bhlianta	An tSuim	Méadú %	An tIomlán, scríofa le pointe deachúlach	An patrún sna suimeanna iomlána airgid i ndeireadh gach bliana	0	5,000	4%	1	5,000	1	5,200	4%	1.04	5,000 x 1.04	2	5,408	4%	1.0816	5,000 x 1.04 x 1.04	3	5,624.32	4%	1.124864	5,000 x 1.04 x 1.04 x 1.04	<p>» Tarraing an tábla thíos ar an gclár chun Roinn A a chur i gcuimhne do na daltaí.</p> <table border="1" data-bbox="1039 387 1509 780"> <thead> <tr> <th>An t-am ina bhlianta</th> <th>An tSuim</th> <th>Méadú %</th> <th>An tIomlán, scríofa le pointe deachúlach</th> <th>An patrún sna suimeanna iomlána airgid i ndeireadh gach bliana</th> </tr> </thead> <tbody> <tr> <td>0</td> <td>5,000</td> <td>4%</td> <td></td> <td></td> </tr> <tr> <td>1</td> <td></td> <td>4%</td> <td></td> <td></td> </tr> <tr> <td>2</td> <td></td> <td>4%</td> <td></td> <td></td> </tr> <tr> <td>3</td> <td></td> <td>4%</td> <td></td> <td></td> </tr> </tbody> </table> <p>» Scríobh €5,000 x (1.04)³ = €5,624.32 ar an gclár.</p> <p>» Iarr ar roinnt de na daltaí a gcuid freagraí a léamh amach, agus a gcuid réasúnaíochta a mhíniú.</p> <p>» Líon isteach an tábla ar an gclár ar nós mar atá i gcolún 2.</p>	An t-am ina bhlianta	An tSuim	Méadú %	An tIomlán, scríofa le pointe deachúlach	An patrún sna suimeanna iomlána airgid i ndeireadh gach bliana	0	5,000	4%			1		4%			2		4%			3		4%			<p>» An bhfeiceann na daltaí go bhfuil cosúlacht idir an rud a rinneadh i Roinn A agus an cheist seo?</p> <p>» An bhfuil na daltaí in ann a bhfuil faighte amach acu a chur i bhfocail?</p>
An t-am ina bhlianta	An tSuim	Méadú %	An tIomlán, scríofa le pointe deachúlach	An patrún sna suimeanna iomlána airgid i ndeireadh gach bliana																																																	
0	5,000	4%	1	5,000																																																	
1	5,200	4%	1.04	5,000 x 1.04																																																	
2	5,408	4%	1.0816	5,000 x 1.04 x 1.04																																																	
3	5,624.32	4%	1.124864	5,000 x 1.04 x 1.04 x 1.04																																																	
An t-am ina bhlianta	An tSuim	Méadú %	An tIomlán, scríofa le pointe deachúlach	An patrún sna suimeanna iomlána airgid i ndeireadh gach bliana																																																	
0	5,000	4%																																																			
1		4%																																																			
2		4%																																																			
3		4%																																																			


Tascanna na nDaltaí: Ionchur an Mhúinteora	Gníomhú na nDaltaí: Freagraí féideartha	Tacaíocht & Gníomhú an Mhúinteora	An Fhoghlaim á Seiceáil
<p>» Scríobh amach an riail ghinearálta anois do Roinn A, agus lean an t-ord in <i>Foirmlí agus Táblaí</i>.</p> <p>» Le $€5,000 \times (1.04)^3 = €5,624.32$ agus an fhoirmle in <i>Foirmlí agus Táblaí</i>, athscríobh an chothromóid ionas go mbeidh sí ar aon dul leis an mbunfoirmle.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • $F = P(1 + i)^t$ • $€5,624.32 = 5,000 (1+0.04)^3$ 	<ul style="list-style-type: none"> • Scríobh an fhoirmle atá in <i>Foirmlí agus Táblaí</i> ar an gclár. $F = P(1 + i)^t$ 	

Tascanna na nDaltaí: Ionchur an Mhúinteora	Gníomhú na nDaltaí: Freagraí féideartha	Tacaíocht & Gníomhú an Mhúinteora	An Fhoghlaim á Seiceáil
Roinn C: Gníomhaíocht Daltaí 3: An Tréimhse Athiolraithe			
<ul style="list-style-type: none"> » Arbh fhiú a bheith in ann an méid airgid a bheadh agat amach anseo a oibriú amach? Cuir i gcás go raibh cuntas taisce agat agus tú ag coigilt le haghaidh rud ar leith. » Cén t-eolas a chaithfeadh a bheith agat chun é a oibriú amach? » Abair nár theastaigh ach an ráta úis: Ar ráta úis 1% sa mhí, cén ráta úis a thabharfadh sé sin faoi cheann bliana? » Leis an bhfoirmle a bhí againn sa rang deireanach, céard is fiú €100 tar éis 12 mhí ar ráta 1% sa mhí? » Cén fáth a raibh ús €12.68 i gceist? » An mar a chéile ús iolraithe 12% sa bhliain á oibriú amach uair amháin don bhliain ar fad, agus ráta 1% sa mhí á athiolarú dhá uair déag (12 uair)? Is é sin, gach mí go ceann tréimhse 12 mhí? » Freagraíonn an ráta míosúil 1% do Ráta Coibhéiseach Bliantúil (RCB/AER) 12.68%. 	<ul style="list-style-type: none"> • B'fhiú, ionas go mbeadh a fhios agat cé chomh fada is a thógfadh sé ort an tsuim iomlán a choigilt. • B'fhéidir go socrófá níos mó a choigilt gach seachtain agus an sprioc a bhaint amach níos luaithe. • An ráta úis • An 12% a bheadh ann más ráta 1% sa mhí atá i gceist? • An $(1 + 0.01)^{12}$ a bheadh ann? » Na daltaí ag úsáid na foirmle: $F = P(1 + i)^t$ • $F = €100(1 + 0.01)^{12}$ • $F = €112.68$ • Má shuimítear an t-ús leis gach mí, tabharfaidh sin túsmeid nua a bheidh níos mó, agus ús á ríomh. • Ní hea. 	<ul style="list-style-type: none"> » Iarr ar dhalta an fhoirmle a scríobh ar an gclár: $F = P(1 + i)^t$ » Scríobh Ráta Coibhéiseach Bliantúil (Annual Equivalent Rate) ar an gclár, mar aon leis an ngiarrúchán RCB/AER. Iarr ar na daltaí fógraí as nuachtáin a thabhairt isteach a mbeidh AER le feiceáil orthu. 	<ul style="list-style-type: none"> » An dtuigeann na daltaí gur 12.68% ar feadh bliain iomlán, agus nach 12%, a gheofar nuair a athiolarítear de réir 1% sa mhí?

Tascanna na nDaltaí: Ionchur an Mhúinteora	Gníomhú na nDaltaí: Freagraí féideartha	Tacaíocht & Gníomhú an Mhúinteora	An Foghlaim á Seiceáil																																
<p>» Céard a gheofá dá réir sin, dá mba 1.5% a bhí le hathiolarú sa mhí sa bhliain?</p> <p>» Cén fhoirmle ghinearálta a úsáidtear chun an ráta bliantúil a fháil nuair atá a fhios agat an ráta míosúil?</p> <p>» Dá dtabharfaí an Ráta Coibhéiseach Bliantúil duit, cén ráta míosúil a bheadh i gceist?</p> <p>» An féidir a bhfuil foghlamtha againn cheana a úsáid chun an phríomhshuim a ríomh a thabharfadh suim chinnte faoi cheann tréimhse cinnte?</p> <p>» Agus sibh ag obair i mbeirteanna, déanaigí Gníomhaíocht Daltaí 3, Ceisteanna 1-3.</p> <p>» An mbeimis in ann an ráta úis a fháil i gcás Príomhshuim €7,000 nuair is €10,000 an tsuim dheiridh faoi cheann 4 bliana?</p> <p>» Déan Gníomhaíocht Daltaí 3, Ceist 4.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • $(1.015)^{12} = 1.1956 \Rightarrow$ tá an RCB = 19.56% • $(1 + i)^{12}$ • $(1.015)^{12} = 1.1956$ $i = 0.1956$ 19.56 RCB $0.1956 + 1 = (1 + i)^{12}$ $(1.1956)^{1/12} = 1.015$ $1.015 - 1 = 1.5\%$ <p>» Na daltaí i mbun Gníomhaíocht Daltaí 3.</p> <p>»</p> <table border="1"> <thead> <tr> <th>P</th> <th>F</th> <th>$(1 + i)$</th> <th>t</th> </tr> </thead> <tbody> <tr> <td>?</td> <td>10,000</td> <td>1.07</td> <td>10</td> </tr> </tbody> </table> <p>» Na daltaí ag oibriú amach an ráta úis.</p> <table border="1"> <thead> <tr> <th>P</th> <th>F</th> <th>$(1 + i)$</th> <th>t</th> </tr> </thead> <tbody> <tr> <td>7,000</td> <td>10,000</td> <td>?</td> <td>10</td> </tr> </tbody> </table> <p>» Déanann na daltaí Gníomhaíocht Daltaí 3, Ceist 4.</p>	P	F	$(1 + i)$	t	?	10,000	1.07	10	P	F	$(1 + i)$	t	7,000	10,000	?	10	<p>» Cuir ceisteanna eile den chineál céanna, agus lig don rang an RCB (AER) a oibriú amach.</p> <p>» Dáil Roinn C: Gníomhaíocht Daltaí 3.</p> <p>» Iarr ar dhuine de na daltaí na luachanna ábharthacha a líonadh isteach. Tabhair deis don rang beagán plé a dhéanamh.</p> <table border="1"> <thead> <tr> <th>P</th> <th>F</th> <th>$(1 + i)$</th> <th>t</th> </tr> </thead> <tbody> <tr> <td>5,083.49</td> <td></td> <td></td> <td></td> </tr> </tbody> </table> <p>» Scríobh an fhoirmle $F = P(1 + i)^t$ ar an gclár.</p> <p>» Iarr ar dhuine de na daltaí an freagra a oibriú amach ar an gclár.</p> <table border="1"> <thead> <tr> <th>P</th> <th>F</th> <th>$(1 + i)$</th> <th>t</th> </tr> </thead> <tbody> <tr> <td></td> <td></td> <td>9.32%</td> <td></td> </tr> </tbody> </table> <p>» Iarr ar dhuine de na daltaí an freagra a oibriú amach ar an gclár. [Mura bhfuil na daltaí in ann an $n^ú$ fréamh a fháil, b'fhiú dul siar ar an gné sin.]</p>	P	F	$(1 + i)$	t	5,083.49				P	F	$(1 + i)$	t			9.32%		<p>» An bhfuil na daltaí in ann na céimeanna a thabhairt i bhfocail, chun ráta míosúil a athrú ina Ráta Coibhéiseach Bliantúil (RCB), i.e. $(1 + i)^{12}$ agus ar ais?</p> <p>» An bhfuil na daltaí in ann na boscaí a líonadh isteach gan stró?</p> <p>» An bhfuil siad in ann idirdhealú i gceart idir P agus F?</p> <p>» An bhfuil na daltaí in ann an $n^ú$ fréamh a oibriú amach gan stró?</p>
P	F	$(1 + i)$	t																																
?	10,000	1.07	10																																
P	F	$(1 + i)$	t																																
7,000	10,000	?	10																																
P	F	$(1 + i)$	t																																
5,083.49																																			
P	F	$(1 + i)$	t																																
		9.32%																																	

Tascanna na nDaltaí: Ionchur an Mhúinteora	Gníomhú na nDaltaí: Freagraí féideartha	Tacaíocht & Gníomhú an Mhúinteora	An Foghlaim á Seiceáil																
Roinn D: Gníomhaíocht Daltaí 4 (Dímheas)																			
